

# Eleathanach310

Dé Luain 21 Eanáir 2019  
Athbhliain faoi mhaise daoibh ón Eleathanach!

## An Cúigear Cróga!!!

Bhí cúigréad ag caora i gContae Mhaigh Eo an tseachtain seo caite. Is as Béal an Átha an feirmeoir. Michael Flannery is ainm dó.

Thosaigh Michael ag obair mar fheirmeoir 30 bliain ó shin. Seo an chéad uair dó cúigréad a fheiceáil.

Is lena iníon an chaora seo. Ciara is ainm dá iníon agus tá sí seacht mbliana déag d'aois. Fuair sí an chaora mar bhronntanas Nollag. Tá an-áthas ar Julia agus ar a hathair.



Seo Ciara agus an Cúigréad!

Seo iad Niall agus Julia.



## Julia Michaels

Is amhránaí í Julia Michaels. Is as Meiriceá di. Tá sí 26 bliain d'aois. Tá albam nua aici. *Inner Monologue Part 1* is ainm don albam.

Canann Niall Horan in éineacht le Julia ar an albam. *What a time* is ainm don amhrán. Scríobh Julia amhráin do Justin Bieber, Ed Sheeran agus Selena Gomez.

Dúirt Niall Horan an méid seo mar gheall ar Julia: 'Tá mé ar bís faoi seo! Tá mé ag canadh ar albam Julia Michaels. Tá mé ar mhuin na muice.'

## Masazo Nonaka agus Kane Tanaka

Ba é Masazo Nonaka an fear ba shine ar domhan. Fuair sé bás thar an deireadh seachtaine. Bhí sé 113 bliain d'aois. Bhí cónaí air ar oileán sa tSeapáin. Hokkaido is ainm don oileán.

Rugadh Masazo ar an 25 Iúil 1905. Bhí cúigear páistí aige. Tá foinse uisce the in aice lena theach agus thaitin an fhoinsé uisce the go mór leis. Léigh sé an nuachtán gach maidin, thaitin súmó go mór leis. D'ith sé a lán cácaí!

Tá bean eile ina cónaí sa tSeapáin agus tá sí 116 bliain d'aois. Kane Tanaka is ainm di. Is í Tanaka an duine is sine ar domhan.



Seo Foinse Uisce The!